2010. S72T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

## OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 – 3.00

Uimhir an Ionaid

Scrúduimhir

### TREORACHA

1. **Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.**
2. Freagair **gach ceist i** Roinn 1 (18 marc)
   Freagair **trí cheist ar bith i** Roinn 2 (42 mharc)
   Freagair **ceist amháin ar bith i** Roinn 3 (20 marc)
   Iomlán (80 marc)
3. **Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**
4. **Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

| **Don Scrúdaitheoir** | | |
|---|---|---|
| | **Ceist** | **Marc** |
| **Roinn 1** | **Q1** | |
| | **Q2** | |
| | **Q3** | |
| **Roinn 2** | **Q1** | |
| | **Q2** | |
| | **Q3** | |
| | **Q4** | |
| **Roinn 3** | **Q1** | |
| | **Q2** | |
| | **Q3** | |
| | **Q4** | |
| **IOMLÁN** | | |
| **Iomlán na n-iomlán bunleathanaigh** | | |
| **Bónasmharc do fhreagairt trí Ghaeilge** | | |
| **MÓRIOMLÁN a bronnadh má tá bónasmharc don Ghaeilge san áireamh** | | |

## ROINN 1

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

Bain úsáid as na spásanna atá ar fáil ag (a), (b), (c) agus (d) thíos agus meaitseáil ainm an duine atá sa ghrianghraf leis an bpost atá aici/aige.

**Ná húsáid ainm ná post ar leith ach AON UAIR AMHÁIN.**

| **Post:** | **Ainm:** |
|---|---|
| Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe | Máire Mhic Giolla Íosa |
| Uachtarán na hÉireann | Ban Ki-moon |
| Uachtarán Choimisiún na hEorpa | Elizabeth a Dó |
| Banríon Shasana | José Manuel Barroso |



(a) Ainm: ________________________

Post: ____________________________



(b) Ainm: ________________________

Post: ____________________________



(c) Ainm: ________________________

Post: ____________________________



(d) Ainm: ________________________

Post: ____________________________

(8 marc)

**2.** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas tríd an bhfocal ceart a chur sa spás atá curtha ar fáil. Tá an chéad litir de gach focal curtha ar fáil duit.

(a) Cruinníonn Parlaimint na hEorpa le chéile in dhá chathair Eorpacha. Is iad sin An B ________________________ agus S _________________________ .

(b) Toghtar d______________ FPE chun ionadaíocht a dhéanamh do mhuintir na hÉireann i bParlaimint na hEorpa.

(c) Is é a thugtar ar an gconradh AE a daingníodh in Éirinn in 2009 ná C ______________ L ________________.

(d) Is é a thugtar ar phríomhoifigeach dlí Stát na hÉireann ná An tA_______________ A __________________.

(e) Is é a thugtar ar an gcóras vótála a úsáidimid in Éirinn ná I_________________ C _______________.

(f) Le go mbeidh vóta ag duine in Éirinn ní mór ainm an duine sin a bheith ar C______________________ na dT ________________________.

(g) Is é a thugtar ar Phríomhaire na hÉireann ná an T_______________.

(7 marc)

**3.** Cuir tic sa bhosca [✓] os comhair an fhreagra chirt ar na ceisteanna ag (a), (b) agus (c) thíos. **Níl cead agat ach freagra AMHÁIN a thabhairt ar gach ceist.**

(a) Cén roinn rialtais in Éirinn atá freagrach as vótáil agus as toghcháin?

(i) Roinn an Taoisigh [ ]

(ii) An Roinn Oideachais agus Scileanna [ ]

(iii) An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil [ ]

(iv) An Roinn Gnóthaí Eachtracha [ ]

(b) Cén chúirt a bhíonn ag déileáil le cásanna a bhaineann leis an mBunreacht agus le hachomhairc ón Ard-Chúirt?

(i) An Chúirt Dúiche [ ]

(ii) An Chúirt Chuarda [ ]

(iii) Cúirt na Mionéileamh [ ]

(iv) An Chúirt Uachtarach [ ]

(c) Cad a thugtar ar na pointí uimhrithe i mBunreacht na hÉireann?

(i) Achtanna [ ]

(ii) Míreanna [ ]

(iii) Clásail [ ]

(iv) Airteagail [ ]

(3 mharc)

**ROINN 2**

**Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**
**Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** **<u>Aung San Suu Kyi, Ambasadóir an Choinsiasa, 2009</u>**
**Déan staidéar ar an masc *Aung San Suu Kyi* atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1). Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Aung San Suu Kyi* – Masc le haghaidh Roinn 2, Ceist 1.**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an masc seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cén fad ama atá Aung San Suu Kyi á coinneáil ina príosúnach?

______________________________________________

Cén t-ainm atá ar an amhrán a scríobh U2 faoi Aung San Suu Kyi?

______________________________________________

De réir an mhaisc, cén saghas rialtais atá ag Burma?

______________________________________________

(3 mharc)

(b) Cathain a d'iarr U2 ar dhaoine an masc seo a chaitheamh?

______________________________________________

Cén fáth ar iarr U2 ar dhaoine an masc seo a chaitheamh?

______________________________________________

______________________________________________

(3 mharc)

(c) Dúirt Aung San Suu Kyi "Le bhur dtoil bain úsáid as bhur saoirse chun ár saoirse a chur chun cinn". Cén argóint atá á déanamh aici leis na focail seo?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

(d) Ainmnigh agus déan cur síos ar ghníomhaíocht **AMHÁIN** a d'fhéadfadh **DO RANG OSSP** a dhéanamh chun go mbeadh eolas níos mó ag daoine maidir le toisc Aung San Suu Kyi?

Ainm ______________________________________________

Cur síos ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(3 mharc)

(e) Feictear roinnt bannaí agus réaltaí scannáin agus iad ag tacú le feachtais in aghaidh leatroma ar chearta daonna in áiteanna éagsúla den domhan. An dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh bannaí agus réaltaí scannáin é sin? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(3 mharc)

**2. <u>Téann Coimisiún an AE i mbun gníomhaíochta maidir le Suímh Chama Ghréasáin Chlingthoin</u>**

**Déan staidéar ar an alt gréasáin *Téann Coimisiún an AE i mbun gníomhaíochta maidir le Suímh Chama Ghréasáin Chlingthoin* atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 2). Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Téann Coimisiún an AE i mbun gníomhaíochta maidir le Suímh Chama Ghréasáin Chlingthoin* – Alt Gréasáin do Roinn 2, Ceist 2**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an alt gréasáin seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cén fáth a ndearna údaráis náisiúnta imscrúdú ar 301 suíomh gréasáin fón póca ó Mheitheamh 2008?

______________________________________________________________________

Cad a bhí á ndíol ag na suímh ghréasáin fón póca?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

Ainmnigh na trí phríomhfhadhb a d'aimsigh an tAE san imscrúdú.

1 ____________________________________________________________________

2 ____________________________________________________________________

3 ____________________________________________________________________

De réir Choimisinéir an AE ag an am, cén fáth a ndearnadh an t-imscrúdú seo ar fud an AE?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(4 mharc)

(b) Cad a léirigh na torthaí ar an gcomhoibriú ar fud an AE san imscrúdú seo?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(2 mharc)

(c) Ainmnigh **DHÁ** thír Eorpacha **nach** baill den AE iad.

An chéad tír ________________________ An dara tír ___________________________

(2 mharc)

(d) Tá dlíthe ag an AE chun an tomhaltóir a chosaint. Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbaineann na dlíthe céanna le gach ceann de na 27 ballstát.

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

(3 mharc)

(e) Teastaíonn ó do **RANG OSSP** Lá na hEorpa a cheiliúradh ar an 9 Bealtaine. Ainmnigh agus déan cur síos ar ghníomhaíocht **AMHÁIN** a d'fhéadfadh do rang a dhéanamh chun é sin a bhaint amach.

Ainm na gníomhaíochta ___________________________________________________

Cur síos ______________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

(3 mharc)

**3. <u>Míchúramach leis an mbruscar? ... ná féach ach ar na torthaí</u>**

**Déan staidéar ar an bpóstaer *Míchúramach leis an mbruscar ... ná féach ach ar na torthaí* atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 3). Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Míchúramach leis an mbruscar? ... ná féach ach ar na torthaí* – Póstaer do Roinn 2, Ceist 3.**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an bpóstaer seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Ainmnigh **TRÍ** shlí ina bhféadfaí dochar a dhéanamh d'ainmhithe trí bhruscar atá caite thart go míchúramach.

An chéad slí ___________________________________________________________

_______________________________________________________________________

An dara slí ____________________________________________________________

_______________________________________________________________________

An tríú slí ____________________________________________________________

_______________________________________________________________________

Cá ndéanfá teagmháil leis an eagraíocht a rinne an póstaer?

_______________________________________________________________________

Conas is féidir leat cosc a chur ar ainmhí a bheith sáinnithe laistigh de channa folamh?

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

(4 mharc)

(b) Ainmnigh **TRÍ** rud a d'fhéadfá a dhéanamh, de réir an tseicliosta ar an bpóstaer, chun cuidiú le bruscar contúirteach a laghdú.

An chéad rud ____________________________________________

____________________________________________

An dara rud ____________________________________________

____________________________________________

An tríú rud ____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

(c) Iarrann an seicliosta bruscair orainn cabhrú le deireadh a chur leis an mbruscar contúirteach a fhágtar ar an talamh fiú nuair nach linn féin é.

Tabhair cúis **AMHÁIN** go ndéanfadh daoine é sin.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

Déan cur síos gairid ar ghníomhaíocht **AMHÁÍN** a d'fhéadfadh do **CHOMHAIRLE ÁITIÚIL** a dhéanamh chun cosc a chur le bruscar contúirteach a bheith á chaitheamh ar an talamh ag daoine.

Cur síos ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(4 mharc)

(d) Scríobh amach sluán a spreagfadh daoine le bheith níos freagraí maidir lena gcuid bruscair.

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

(e) Seachas póstaeir a úsáid, déan cur síos ar bhealach **AMHÁIN** eile ina bhféadfadh SPCA Bhaile Átha Cliath daoine a spreagadh le bheith níos freagraí as cúram ainmhithe fiáine.

Cur síos ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

**4.** **<u>Is é atá ag an Tríú Domhan</u>**:

**Déan staidéar ar *Is é atá ag an Tríú Domhan* - Sliocht as *80:20 Forbairt i nDomhan Éagothrom* atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 4). Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Is é atá ag an Tríú Domhan* - Sliocht as *80:20 Forbairt i nDomhan Éagothrom* do Roinn 2, Ceist 4.**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an sliocht, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Bunaithe ar an eolas a thugtar, cén céatadán atá ag an Tríú Domhan sna réimsí seo a leanas

____% de dhaonra an domhain

____% de chaiteachas an domhain

____% de chogaí an domhain

____% de theifigh an domhain?

De réir an tsleachta, cé mhéad duine a mhaireann ar

i) níos lú ná 1$ in aghaidh an lae? ____________________

ii) níos lú ná 2$ in aghaidh an lae? ____________________

(3 mharc)

(b) Níl ach 15% de chaiteachas ar oideachas an domhain ag an Tríú Domhan. Tar éis an sliocht a léamh, ainmnigh agus mínigh iarmhairt amháin a bhfuil baint aici leis sin.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(3 mharc)

(c) Is as leabhar dar teideal *80:20 Forbairt i nDomhan Éagothrom* a thagann an t-eolas seo. Cén fáth dar leat a ndéanann an teideal tagairt don domhan mar dhomhan éagothrom?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(2 mharc)

(d) Déan cur síos ar ghníomhaíocht **AMHÁIN** a d'fhéadfadh do **RANG OSSP** a dhéanamh a chuideodh le daoine eolas a fháil ar na fíricí faoin Tríú Domhan.

Cur síos ______________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(2 mharc)

(e) Dá mba mhaith **LEAT** airgead a bhailiú chun cabhrú le ceann de na saincheisteanna Tríú Domhan a thaispeántar sa sliocht, cén tsaincheist a roghnófá? Mínigh cén fáth a roghnófá an tsaincheist seo. Déan cur síos ar dheacracht a d'fhéadfadh tarlú le linn na gníomhaíochta bailithe airgid agus mínigh conas a réiteofá an fhadhb sin.

Rogha saincheiste ______________________________

Míniú ar do rogha ______________________________

______________________________

______________________________

Deacracht______________________________

______________________________

______________________________


Réiteach ______________________________

______________________________

______________________________

(4 mharc)

**ROINN 3**
**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3, 4 thíos.**
**Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.**
**Tá leathanach bán le haghaidh cheist na bpóstaer ar chúl an fhreagarleabhair seo.**
**Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr ar an bhFeitheoir Scrúdaithe é, le do thoil.**

**1.** 

**Lasc As, Má Fheiceann Tú Dearg**

Tá feachtas ar bun ag Fuinneamh Inmharthana Éireann (FIE) le cur ar dhaoine fuinneamh a choigilt. Meabhraíonn sé do dhaoine go mbíonn leictreachas agus fuinneamh á gcur amú nuair a fhágtar an solas dearg fuireachais air. Teastaíonn ó do Rang OSSP bheith páirteach san fheachtas seo chun fuinneamh a choigilt.

(a) Scríobh alt do nuachtlitir do scoile chun aird a tharraingt ar an gcleachtas curtha amú fuinnimh seo. San alt seo agat, ba chóir **DHÁ** chúis a thabhairt go bhfuil sé tábhachtach fuinneamh a choigilt. (6 mharc)

(b) Dear póstaer chun daoine a spreagadh chun an cnaipe dearg a chasadh as. Bíodh sluán agat ar an bpóstaer a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcnaipe dearg a chasadh as. (Tá leathanach bán don phóstaer cuimsithe ag cúl an fhreagarleabhair seo). (6 mharc)

(c) Déan cur síos ar **DHÁ** thionscadal gníomhaíochta ar chóir do do scoil tabhairt fúthu chun cuidiú le fuinneamh a choigilt. Ba chóir ceann amháin de na Tionscadail Ghníomhaíochta a bheith bunaithe i do scoil agus an ceann eile a bheith bunaithe i do phobal féin.
Ainmnigh **DHÁ** choiste/fhoireann a bheadh ag teastáil uait chun ceann amháin de na Tionscadail Ghníomhaíochtaí a dhéanamh. (8 marc)

**2.** 


**An Daonlathas**

I roinnt tíortha éilíonn an dlí ar na saoránaigh vótáil sna toghcháin: is féidir fíneáil a chur ort mura ndéanann tú vótáil.

(a) Tá spéis ag do rang sa chleachtas seo agus tá díospóireacht á reáchtáil faoi.
Scríobh nótaí do na cainteoirí sa díospóireacht, ag tabhairt argóint **AMHÁIN** ar son an chleachtais agus argóint **AMHÁIN** ina aghaidh. (6 mharc)

(b) Bhain Barack Obama úsáid as teachtaireachtaí téacs chun daoine a spreagadh le teacht amach chun vótáil ar a shon i dToghchán Uachtaránachta SAM. Ba straitéis í seo ar éirigh go maith léi.
(i) Cén fáth dar leat ar éirigh go maith léi?
(ii) Cum teachtaireacht téacs a d’fhéadfadh polaiteoir a chur amach chun daoine a spreagadh le vótáil. Ba chóir go mbainfeadh do theachtaireacht úsáid as 160 carachtar, ar a laghad (carachtair = litreacha, uimhreacha agus spásanna). (6 mharc)

(c) In 2009 níor tháinig ach 43% de na saoránaigh a bhí i dteideal vóta a chaitheamh i dToghchán na hEorpa amach chun vóta a chaitheamh. Ba é sin an tinreamh ba ísle riamh i dToghchán Eorpach. Scríobh litir chuig do FPE ag moladh **TRÍ** shlí ina bhféadfaí daoine a spreagadh le teacht amach chun vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha. (8 marc)

**3.** **<u>Seachtain don Saoránach Gníomhach</u>**

Tá beartaithe ag do rang OSSP feachtas a chur ar bun le haghaidh Seachtain don Saoránacht Ghníomhach in bhur bpobal d'fhonn daoine áitiúla a spreagadh le bheith gníomhach ina limistéar féin.

(a) Ainmnigh gníomhaíocht **AMHÁIN** a bhféadfadh do rang OSSP tabhairt fúithi chun Seachtain don Saoránacht Ghníomhach a chur chun cinn i do phobal.
Déan cur síos ar obair **DHÁ** choiste/fhoireann a d'fhéadfadh do rang a chur ar bun d'fhonn Seachtain don Saoránacht Ghníomhach a chur chun cinn sa phobal.
(6 mharc)

(b) Scríobh nóta gearr a mbeidh alt amháin ann chuig do Phríomhoide ag iarraidh cead an ghníomhaíocht seo a dhéanamh. Mínigh cad ba mhaith leat a dhéanamh, cén fáth a mba mhaith leat é a dhéanamh agus cad ba mhaith leat a bhaint amach.
(6 mharc)

(c) Is é an téama le haghaidh Seachtain don Saoránacht Ghníomhach atá beartaithe agat ná 'Gach Uile Dhuine ar son a Chéile.' Dear póstaer a bheidh bunaithe ar an téama seo chun daoine i do phobal a spreagadh le bheith bainteach le Seachtain don Saoránacht Ghníomhach. (Tá leathanach bán don phóstaer cuimsithe ag cúl an fhreagarleabhair seo). (8 marc)

**4.** **<u>Suímh Ghréasáin Líonraithe Shóisialta</u>**

Is iontach na háiteanna iad suímh ghréasáin líonraithe shóisialta (m.sh. Bebo, Facebook, MySpace, ⁊rl.) le teagmháil a choinneáil le cairde agus le bualadh le daoine nua. Ach uaireanta tugann daoine an iomarca eolais ar líne. D'fhéadfadh sé tarlú go dtarraingeodh do chuid grianghraf agus blaganna aird ort nach raibh beartaithe agat.

Tá socraithe ag do rang OSSP feasacht a mhéadú ar shábháilteacht do dhaoine óga ar an idirlíon.

(a) Scríobh síos **TRÍ** phíosa comhairle a chuirfeá le rphost chuig cara leat atá ag beartú próifíl a shocrú ar Facebook mar shlí chun bheith bainteach le líonrú sóisialta.
(6 mharc)

(b) Tá beartaithe ag do rang OSSP leabhrán gearr a chur le chéile le haghaidh tuismitheoirí ar an ábhar *'Sábháilteacht ar an Idirlíon'*. Scríobh alt don leabhrán seo ina leagann tú béim ar cad ba chóir a bheith ar eolas ag tuismitheoirí agus cad ba chóir dóibh a dhéanamh faoi líonrú sóisialta a gcuid páistí. (6 mharc)

(c) Ainmnigh agus déan cur síos ar **DHÁ** ghníomhaíocht **EILE** a d'fhéadfadh do rang OSSP a dhéanamh chun béim a chur ar thábhacht na sábháilteachta do dhaoine óga ar an idirlíon. (8 marc)

**Cuir tic [✓ ] leis an gceist as Roinn 3 a bhfuil tú á freagairt, le do thoil.**

**C. 1** ☐ **C. 2** ☐ **C. 3** ☐ **C. 4** ☐

**Chun an cheist ar an bPÓSTAER [Ceist 1*(b) nó* Ceist 3*(c)*] i Roinn 3 amháin a fhreagairt.**

# Leathanach Bán